C/2026/3102

5.6.2026

Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh Fógra ó Aireacht Chomhshaoil Phoblacht na Seice i gcomhréir le hAirteagal 3(2) de Threoir 94/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na coinníollacha chun údaruithe a dheonú agus a úsáid i ndáil le sirtheoireacht, taiscéalaíocht agus táirgeadh hidreacarbón

(C/2026/3102)

I gcomhréir le hAirteagal 3(2) de Threoir 94/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 1994 maidir leis na coinníollacha chun údaruithe a dheonú agus a úsáid i ndáil le sirtheoireacht, taiscéalaíocht agus táirgeadh hidreacarbón, tugann an Aireacht Chomhshaoil fógra leis seo go bhfuil iarratas ar réamhthoiliú faighte aici le haghaidh togra chun an láithreán eastósctha Trojanovice I a bhunú chun an taisce gáis nádúrtha a bhaineann le síog ghuail Frenštát-západ a východ [Frenštát Thiar agus Frenštát Thoir] (uimhir chlárúcháin taisce 3144301) a shaothrú. Baineann an t-iarratas le limistéar polagánach ina bhfuil thart ar 63,17 km². Tá an limistéar suite laistigh de limistéar cadastrach bhardais Kozlovice, Kunčice pod Ondřejníkem, Veřovice, Trojanovice, Rožnov pod Radhoštěm, Tichá na Moravě, Pstruží, Čeladná, Frenštát pod Radhoštěm, Lhotka u Frýdku-Místku agus Bordovice, i Réigiún na Moráive-na Siléise (oirthuaisceart Phoblacht na Seice), mar a léirítear ar an léarscáil atá i gceangal.

Agus tagairt á déanamh don Treoir dá dtagraítear sa bhrollach agus Roinn 24 d'Acht Uimh. 44/1988 maidir le hacmhainní mianracha a chosaint agus a shaothrú (an tAcht um Mianadóireacht), arna leasú, iarann Aireacht Chomhshaoil Phoblacht na Seice leis seo ar dhaoine dlítheanacha nó nádúrtha atá údaraithe le gníomhaíochtaí mianadóireachta a dhéanamh (eintitis chonarthacha) iarratas iomaíoch a chur isteach ar réamhthoiliú a dheonú chun láithreán eastósctha a bhunú sa limistéar a shainítear thuas.

Is í an Aireacht Chomhshaoil an t-údarás atá inniúil chun an cinneadh a dhéanamh. Tá na critéir, na coinníollacha agus na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 5(1) agus (2) agus in Airteagal 6(2) den Treoir leagtha amach ina n-iomláine i reachtaíocht Phoblacht na Seice in Acht Uimh. 44/1988 maidir le hacmhainní mianracha a chosaint agus a shaothrú (an tAcht um Mianadóireacht), arna leasú.

Féadfar iarratais a chur isteach le linn na 90 lá tar éis fhoilsiú an fhógra seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus ba cheart iad a sheoladh chuig an Aireacht Chomhshaoil ag an seoladh seo a leanas:

Martin Holý
ředitel odboru geologie (Ceann na Roinne Geolaíochta)
Ministerstvo životního prostředí (An Aireacht Chomhshaoil)
Vršovická 65
100 10 Praha 10
Poblacht na Seice

Ní chuirfear san áireamh iarratais a gheofar tar éis an sprioc-ama. Déanfar cinneadh ar na hiarratais tráth nach déanaí ná 12 mhí tar éis dhul in éag na tréimhse sin. Tá tuilleadh faisnéise ar fáil ach í a iarraidh ar Roinn Geolaíochta na hAireachta tríd an seoladh r-phoist martin.holy@mzp.gov.cz.

Léarscáil, Iarscríbhinn a ghabhann leis an Teachtaireacht in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

Iarratas ar réamhthoiliú le haghaidh an togra chun an láithreán eastósctha Trojanovice I a bhunú

